



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

Gaeilge

Páipéar 2

Ardleibhéal

Dé Máirt 11 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:35

200 marc

**Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaím a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Freagair gach ceist (Ceist 1, Ceist 2, Ceist 3 agus Ceist 4).

Ceist 1:	Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) agus Léamhthuiscint B (50 marc). Tá Ceist 1 - 5 ar aon mharc. Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta, de réir mar a éilíonn an cheist. Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.
Ceist 2:	Freagair Ceist 2A (30 marc) nó Ceist 2B (30 marc). 2A. Prós Ainmnithe Freagair ceist amháin as do rogha de 2A (a) nó 2A (b). nó 2B. Prós Roghnach Freagair ceist amháin as do rogha de 2B (a) nó 2B (b).
Ceist 3:	Freagair Ceist 3A (30 marc) nó Ceist 3B (30 marc). 3A. Filíocht Ainmnithe Freagair ceist amháin as do rogha de 3A (a) nó 3A (b). nó 3B. Filíocht Roghnach Freagair ceist amháin as do rogha de 3B (a) nó 3B (b).
Ceist 4:	An Litríocht Bhreise (40 marc) Freagair do rogha ceann amháin as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F).

Ceist 1 LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Freagair Léamhthuisicint A agus Léamhthuisicint B anseo.

A – 50 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna ar fad a ghabhann leis.

Ár nOileáin Bheo: Polasaí Náisiúnta na nOileán agus Plean Gníomhaíochta

1. I mí an Mheithimh 2023, sheol an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, polasaí náisiúnta nua dar teideal *Ár nOileáin Bheo*. Tá an polasaí seo dírithe ar na trí oileán is fiche amach ó chósta na hÉireann a bhfuil saintréithe ar leith ag baint leo, is iad sin, na hoileáin a bhfuil cónaí buan orthu ar feadh na bliana, nach bhfuil ceangailte leis an mórtóir le droichead nó le cabhsa, agus nach bhfuil faoi úinéireacht phríobháideach. Is é aidhm an pholasaí nua seo, *Ár nOileáin Bheo*, a chinntiú go gcothófar pobail bheoga, inbhuanaithe ar na hoileáin agus go mbeidh saol faoi rath acu go ceann blianta fada. Forbraíodh an polasaí nua seo trí phróiseas comhairliúcháin le pobail na n-oileán agus le páirtithe leasmhara eile, rud a thug seans dóibh a gcuid tuairimí a léiriú maidir leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le bheith ag maireachtáil ar oileán. Ag labhairt di ag an seoladh oifigiúil, dúirt an tAire Humphreys go gcuirfí bearta an pholasaí i gcrích trí infheistíocht, trí thacaíochtaí agus trí phlé leanúnach idir pobail na n-oileán, ranna rialtais, na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara.

2. Is é an chéad chuspóir atá ag an rialtas sa pholasaí *Ár nOileáin Bheo* ná stop a chur le meath an daonra ar na hoileáin trí na coinníollacha a chruthú a spreagfaidh daoine chun fanacht ar na hoileáin nó chun bogadh chucu. Tá sé tábhachtach do dhaoine go mbeadh teacht acu ar rogha leathan deiseanna fostaíochta. Is minic a bhíonn daoine ar na hoileáin ag brath ar thionscal na talmhaíochta agus na hiascaireachta le haghaidh fostaíochta. Tá bearta luaite sa pholasaí chun fostaíocht a chruthú i réimsí nua atá ag teacht chun cinn, mar shampla, tionscadail a bhaineann le foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta. Déanfar iarrachtaí fiontair agus gnólachtaí nua a mhealladh chun lonnú ar na hoileáin. Tá nasc leathanbhanda ardluais ar go leor de na hoileáin anois, rud a thabharfaidh deis do dhaoine ansin cianobair a dhéanamh, beag beann ar an áit ina bhfuil a bhfostóir lonnaithe. Tá sé beartaithe

leathanbhanda ardluais a chur ar fáil chomh luath agus is féidir do na hoileáin eile agus tacóidh an polasaí leis na hiarrachtaí sin.

3. Chun an daonra ar na hoileáin a mhéadú, tá sé ríthábhachtach go mbeadh tithíocht oiriúnach ar fáil. Luadh roinnt dúshlán le linn an phróisis comhairliúcháin a bhaineann le soláthar cuí tithíochta. Ina measc siúd, dúradh go bhfuil tithe ar an gcuid is mó de na hoileáin atá tréigthe agus a bhfuil drochbhail orthu, tithe saoire nach mbíonn cónaí iontu go buan agus costais tógála níos airde ar na hoileáin ná ar an mórtóir. Tá moltaí sa pholasaí nua chun cúrsaí tithíochta a fheabhsú ar na hoileáin. I measc na moltaí sin, cuirfear deontais ar fáil chun tithe tréigthe a athchóiriú. Chomh maith leis sin, tabharfar maoiniú do na húdaráis áitiúla chun scéimeanna tithe sóisialta a sholáthar ar na hoileáin. Mar chuid den pholasaí *Ár nOileáin Bheo*, cinnteoidh an rialtas go mbeidh áiseanna cuí oideachais ar fáil do phobail na n-oileán. Coimeádfar scoileanna na n-oileán ar oscailt, is cuma cé mhéad scoláire a bheidh ag freastal orthu. Ceadófar múinteoirí breise freisin ag brath ar chúinsí na scoile. Leis an gcóras leathanbhanda ardluais atá ar fáil sna scoileanna, beidh deiseanna cianfhoghlama ann agus beidh fáil ag na scoláirí dara leibhéal ar raon níos leithne ábhar.

4. Tá tionscal na turasóireachta fíorthábhachtach do gheilleagar na n-oileán. Meallann na suíomhanna seandálaíochta, an tírdhreach álainn agus an oidhreacht dhúchasach a lán turasóirí go dtí na hoileáin. Tugann go leor daoine cuairt ar na hoileáin Ghaeltachta chun blaiseadh a fháil de shaibhreas na Gaeilge agus den chultúr Gaelach. Forbróidh Fáilte Éireann feachtas margaíochta chun na hoileáin a chur chun cinn ar bhealach níos forleithne mar ionaid saoire uathúla agus chun séasúr na turasóireachta ar na hoileáin a shíneadh amach níos faide. Le linn an phróisis comhairliúcháin, aithníodh bailiú na dramhaíola mar shaincheist. Tá sé tábhachtach go mbeadh dea-chórais maidir le bainistíocht dramhaíola ar gach ceann de na hoileáin ar mhaithe le sláinte

an phobail agus leis an gcomhshaol a chaomhnú. De réir an pholasaí nua, oibreoidh na grúpaí leasmhara le chéile chun bailiú agus athchúrsáil na dramhaíola a fheabhsú. Cé go mbaineann na hoileáin tairbhe eacnamaíoch as na turasóirí, tá sé riachtanach an áilleacht nádúrtha a chosaint.

5. Toisc nach bhfuil ceangal talún ag na hoileáin atá i gceist sa pholasaí seo leis an mórthír, bíonn pobail na n-oileán sin ag brath ar sheirbhísí iompair ar farraige agus san aer. Tá gealltanais tugtha sa pholasaí *Ár nOileáin Bheo* go leanfar ar aghaidh ag cur tacaíocht airgid ar fáil do sheirbhísí rialta farantóireachta agus aerthaistil go dtí na hoileáin. Chomh maith leis sin, cuirfear deontais ar fáil chun sábháilteacht na gcéanna agus na n-aerstráicí a fheabhsú i roinnt áiteanna. Tá droch-chaoi ar chuid

de na bóithre ar na hoileáin agus leanfar leis an maoiniú d'oibreacha deisiúcháin ar bhóithre. Gan amhras, tá sé tábhachtach go mbeadh seirbhísí maithe sláinte ar na hoileáin. Tugadh faoi deara sa phróiseas comhairliúcháin go bhfuil ganntanas dochtúirí teaghlaigh ar roinnt de na hoileáin agus nach i gcónaí a bhíonn fáil orthu. Tá sé mar chuspóir ag an rialtas sa pholasaí seo cur le líon na ndochtúirí teaghlaigh ar gach ceann de na hoileáin. Chomh maith leis sin, féachfar ar phleananna chun níos mó coinní sláinte a chur ar fáil ar líne do phobail na n-oileán. Is iad na daoine óga todhchaí na n-oileán agus tá sé tábhachtach go mbeadh páirt acu sa phróiseas. Rachfar i gcomhairle leo agus cinntí á ndéanamh agus beidh deis acu tuairimí a thabhairt faoi cheisteanna atá ábhartha dá saol ar na hoileáin.

Ceisteanna

1. (a) Scríobh síos **dhá** shaintréith ar leith atá ag baint le gach ceann de na trí oileán is fiche amach ó chósta na hÉireann ar a bhfuil an polasaí *Ár nOileáin Bheo* dírithe. (Alt 1)
 (b) (i) Cén aidhm atá leis an bpolasaí nua seo, *Ár nOileáin Bheo*? (Alt 1)
 (ii) Conas a chuirfear bearta an pholasaí i gcrích, dar leis an Aire Humphreys? (Alt 1)
 (7 marc)
2. (a) Cad é an chéad chuspóir atá ag an rialtas sa pholasaí *Ár nOileáin Bheo*? (Alt 2)
 (b) (i) Luaigh beart **amháin** atá sa pholasaí maidir le cúrsaí fostaíochta ar na hoileáin. (Alt 2)
 (ii) Cad a thabharfaidh deis do dhaoine cianobair a dhéanamh ar go leor de na hoileáin? (Alt 2)
 (7 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** dhúshlán a bhaineann le soláthar cuí tithíochta ar na hoileáin a luadh le linn an phróisis comhairliúcháin. (Alt 3)
 (b) (i) Luaigh moladh **amháin** atá sa pholasaí nua chun cúrsaí tithíochta a fheabhsú ar na hoileáin. (Alt 3)
 (ii) Scríobh síos beart **amháin** atá sa pholasaí a chinnteoidh go mbeidh áiseanna cuí oideachais ar fáil do phobail na n-oileán. (Alt 3)
 (7 marc)
4. (a) Tabhair **dhá** chúis a mealltar a lán turasóirí go dtí na hoileáin. (Alt 4)
 (b) (i) Scríobh síos aidhm **amháin** a bheidh leis an bhfeachtas margaíochta a fhorbróidh Fáilte Éireann do na hoileáin. (Alt 4)
 (ii) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh dea-chórais maidir le bainistíocht dramhaíola ar gach ceann de na hoileáin? (Alt 4)
 (7 marc)
5. (a) Scríobh síos **dhá** ghealltanais atá tugtha sa pholasaí nua maidir le seirbhísí iompair farraige agus aeir chuig na hoileáin. (Alt 5)
 (b) (i) Luaigh cuspóir **amháin** atá ag an rialtas sa pholasaí seo chun seirbhísí sláinte a fheabhsú do phobail na n-oileán. (Alt 5)
 (ii) Cén deis a bheidh ag daoine óga agus cinntí á ndéanamh? (Alt 5)
 (7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 3 **agus** sampla de bhreischéim na haidiachta in Alt 4.
 (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, an dóigh leat gur polasaí maith é *Ár nOileáin Bheo*? Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, as an sliocht, mar thacaíocht le do fhreagra. (Is leor **60** focal.)
 (15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna **ar fad** a ghabhann leis.

An Intleacht Shaorga - na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann léi

1. Gan amhras, tá teacht chun cinn na hintleachta saorga ar cheann de mhórscéalta na linne seo. Roghnaigh an foilsitheoir foclóirí *Collins* an téarma ‘intleacht shaorga’ mar théarma na bliana in 2023 mar, dar leo, ba í an t-ábhar cainte ba mhó a bhí i mbéal an phobail í, bhí luas ollmhór faoi fhorbairtí na hintleachta saorga agus cuardaíodh an téarma níos minice ná aon téarma eile san fhoclóir i rith na bliana. Tá lorg na hintleachta saorga ar ár saol laethúil cheana féin. Bíonn an intleacht shaorga in úsáid ag daoine gach lá nuair a sheiceálann siad a gcuntais meán sóisialta nó nuair a labhraíonn siad le Alexa, nuair a lorgaíonn siad eolas ar na hinnill chuardaigh idirlín, nuair a úsáideann siad tuarthéacs nó nuair a bhíonn siad ag scrolláil trí mholtaí do scannáin ar Netflix. Nuair a lainseáil an comhlacht Meiriceánach OpenAI an bota comhrá intleachta saorga *ChatGPT* i mí na Samhna 2022, bhí an-tóir air ón tús. Bhí céad milliún úsáideoir ag an mbota comhrá *ChatGPT* taobh istigh de dhá mhí agus is é an feidhmchlár tomhaltóra is mó fás riamh é.

2. Is féidir an intleacht shaorga a mhíniú mar chórais mheaisín-bhunaithe atá in ann tascanna cliste a dhéanamh mar a dhéanann daoine de ghnáth. Téann staidéar ar an intleacht shaorga siar go dtí an taighde a rinne an matamaiticeoir cáiliúil Alan Turing i gcúrsaí ríomheolaíochta sna 1940idí agus sna 1950idí. Scríobh sé alt sa bhliain 1950 inar chuir sé an cheist: an bhfuil cumas smaointeoireachta i ríomhairí? Forbraíodh Tástáil Turing chun cinneadh a dhéanamh cé acu a bheadh ríomhairí ábalta aithris a dhéanamh ar iompraíocht an duine nó nach mbeadh. Sna 1990idí, chruthaigh an comhlacht IBM ríomhaire speisialta le córas oibriúcháin fichille. Sa bhliain 1997, chuaigh Garry Kasparov, curadh fichille an domhain ag an am, in iomaíocht leis an ríomhaire speisialta fichille sin, *Deep Blue*. Ba éacht ceannródaíoch é nuair a d’éirigh leis an ríomhaire sin an lámh in uachtar a fháil ar churadh fichille an domhain sa chluiche. Léirigh an gaisce buanna na hintleachta saorga den chéad uair riamh. Faoin aois seo, áfach,

le dul chun cinn i gcrua-earraí ríomhaireachta agus le forbairt na néalríomhaireachta, tá dlús tapa faoin intleacht shaorga mar phríomhghné de shaol na teicneolaíochta faisnéise.

3. Is iomaí deis a bhaineann leis an intleacht shaorga i dtionscal an ghnó agus na déantúsaíochta. Is féidir le cuideachtaí úsáid éifeachtach a bhaint as an intleacht shaorga chun táirgí atá ann cheana féin a fheabhsú, earraí nua a fhorbairt, cur le díolacháin agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú. Cuirfear deiseanna fostaíochta nua ar fáil in earnálacha a bhaineann leis an intleacht shaorga. Rachaidh an intleacht shaorga chun tairbhe na ndaoine trí chúram sláinte feabhsaithe. Is féidir leis an intleacht shaorga íomhánna leighis le mioneolas ar an othar a sholáthar laistigh de chúpla nóiméad agus galair a aithint níos luaithe. Tá dul chun cinn mór déanta i bhforbairt drugaí agus vacsaíní nua chun galair a leigheas. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an intleacht shaorga i gcúrsaí oideachais agus déanfar athmhúnlú ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn agus a múineann daoine. I mí na Nollag seo caite, d’fhógair Met Éireann clár taighde nua i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Forbróidh na taighdeoirí múnlaí feabhsaithe aimsire bunaithe ar an intleacht shaorga, rud a chinnteoidh go mbeidh na heolaithe aimsire in Met Éireann in ann réamhaisnéis aimsire níos cruinne a chur ar fáil.

4. In ainneoin na ndeiseanna a bhaineann leis an intleacht shaorga, tá dúshláin ag baint léi fosta. Nuair a d’éirigh an t-eolaí ríomhaireachta Geoffrey Hinton as a phost le Google i mí na Bealtaine 2023, rinne sé agallamh agus dúirt sé ann gur éirigh sé as an bpost chun go mbeadh saoirse aige labhairt amach faoi na contúirtí a bhaineann leis an intleacht shaorga agus faoin luas ag a bhfuil teicneolaíochtaí nua na hintleachta saorga á bhforbairt. Tá go leor dúshlán ag baint leis an intleacht shaorga. Scaiptear bréageolas agus ábhar díobhálach. Chomh maith leis sin, tá baol ann do chearta an duine aonair chun príobháideachais agus chun sonraí a chosaint. Má bhíonn duine ag brath an iomad ar áiseanna intleachta saorga, d’fhéadfadh sé go gcuirfeadh siad bac ar chumas

smaointeoireachta an duine. Tá amhras léirithe maidir leis na buntéacsanna a mbaineann an bota comhrá *ChatGPT* úsáid astu. D'fhéadfadh sé go bhfuil tuairimí claonta sna buntéacsanna nó nach bhfuil cuid den eolas iontu cruinn ná iontaofa. Tá ceist eile ann maidir le sárú an chóipchirt i gcás na mbuntéacsanna a mbaineann *ChatGPT* úsáid astu gan cead a fháil roimh ré ó úinéirí na n-ábhar sin.

5. Tá sé fíorthábhachtach go n-oibreoidh rialtais an domhain le chéile chun go bhforbrófar an intleacht shaorga ar bhealach atá freagrach agus sábháilte. Tháinig ocht dtír is fiche, Éire ina measc, le chéile ag Cruinniú Mullaigh Sábháilteachta 2023. Ag an gcruinniú sin, síníodh Dearbhú Bletchley chun creat a bhunú a chinnteoidh go ndéantar teicneolaíochtaí

na hintleachta saorga a fhorbairt agus a úsáid go freagrach agus go sábháilte ar fud an domhain. Tá Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga foilsithe ag rialtas na tíre seo freisin. Sa straitéis seo, leagtar amach na slite ar féidir an intleacht shaorga a úsáid ar bhealach a rachaidh chun leas gheilleagar agus shochaí na tíre. Aithnítear sa straitéis freisin an gá atá le reachtaíocht chun a chinntiú go dtarlaíonn sé sin ar bhealach atá sábháilte agus cóir agus a chuireann le muinín an phobail. Is iomaí díospóireacht atá ar siúl faoi thodhchaí na hintleachta saorga. An éireoidh le réabhlóid na hintleachta saorga? An leanfaidh luas na bhforbairtí san intleacht shaorga ar aghaidh go tapa? Cad a tharlóidh má éiríonn an intleacht shaorga níos cliste ná an duine daonna?

Ceisteanna

1. (a) Tabhair **dhá** chúis ar roghnaigh an foilsitheoir foclóirí *Collins* an téarma 'intleacht shaorga' mar théarma na bliana in 2023. (Alt 1)
 (b) (i) Luaigh **dhá** shampla den úsáid a bhaineann daoine as an intleacht shaorga gach lá. (Alt 1)
 (ii) Cad a léiríonn go raibh an-tóir ar an mbota comhrá *ChatGPT* ón tús? (Alt 1)
 (7 marc)
2. (a) Cén míniú a thugtar ar an téarma 'intleacht shaorga'? (Alt 2)
 (b) (i) Cén fáth ar forbraíodh Tástáil Turing? (Alt 2)
 (ii) Cén t-éacht ceannrdaíoch a rinne an ríomhaire speisialta fichille *Deep Blue* sa bhliain 1997? (Alt 2)
 (7 marc)
3. (a) Scríobh síos **dhá** dheis a bhaineann leis an intleacht shaorga i dtionscal an ghnó agus na déantúsaíochta. (Alt 3)
 (b) (i) Cén tairbhe a bhaintear as an intleacht shaorga a úsáid sa chóras leighis? (Alt 3)
 (ii) Conas a chabhróidh na múnlaí feabhsaithe aimsire bunaithe ar an intleacht shaorga leis na heolaithe aimsire in Met Éireann? (Alt 3)
 (7 marc)
4. (a) Cén fáth ar éirigh an t-eolaí ríomhaireachta Geoffrey Hinton as a phost le Google i mí na Bealtaine 2023? (Alt 4)
 (b) (i) Tabhair **dhá** dhúshlán atá ag baint leis an intleacht shaorga don duine aonair. (Alt 4)
 (ii) Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil amhras léirithe maidir leis na buntéacsanna a mbaineann an bota comhrá *ChatGPT* úsáid astu. (Alt 4)
 (7 marc)
5. (a) Cén fáth a bhfuil Dearbhú Bletchley sínithe ag ocht dtír is fiche? (Alt 5)
 (b) (i) Cad atá leagtha amach ag rialtas na hÉireann sa Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga? (Alt 5)
 (ii) Scríobh síos **dhá** cheist a ardaítear i ndíospóireachtaí faoi thodhchaí na hintleachta saorga. (Alt 5)
 (7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 2 **agus** sampla den bhriathar saor san Aimsir Láithreach in Alt 5.
 (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, mínigh **dhá** léargas a fhaigheann tú ar an intleacht shaorga. Bíodh sampla **amháin** as an sliocht agat, **i d'fhocail féin**, ag tacú le gach ceann den **dá** léargas a luann tú i do fhreagra. (Is leor **60** focal.)
 (15 mharc)

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH

30 marc

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach).

2A. Prós Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

- (a) Freagair an cheist thíos ar an scannán *Cáca Milis* **nó** ar an dráma *An Lasair Choille*.

Cáca Milis

‘Tá léiriú sa scannán *Cáca Milis* ar an gcaidreamh idir an bheirt phaisinéirí traenach, Paul agus Catherine, agus ar an gcríoch thragóideach a bhí ar an turas traenach sin.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

nó

An Lasair Choille

‘Is siombail é Binncheol, an lasair choille, de chruachas na gcarachtar (na bpearsan) sa dráma *An Lasair Choille*.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

nó

- (b) **Dís**

Déan plé ar an léiriú a thugtar dúinn ar chás agus ar smaointe bhean Sheáin sa chomhrá atá aici lena fear céile sa ghearrscéal *Dís*.

(30 marc)

2B. Prós Roghnach

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b) thíos.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

- (a) Freagair an cheist thíos ar an scannán roghnach **nó** ar an dráma roghnach.

Maidir leis an **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an scannáin sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an scannáin.

Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

nó

Maidir leis an **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dráma sin. Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dráma.

Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

nó

- (b) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, roghnaigh duine de na carachtair (na pearsana) sa ghearrscéal sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar mheon agus ar iompar an duine sin ó thús deireadh an ghearrscéil.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

Ceist 3 *FILÍOCHT (30 marc)*

FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH

30 marc

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Roghnach).

3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) **nó** (b).

(a) Géibheann

- (i) 'Tugtar léiriú dúinn sa dán *Géibheann* (thíos) ar an gcodarsnacht idir dhá thréimhse éagsúla i saol an ainmhí.' É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Tá na focail sa dán i mbéal an ainmhí. Cén éifeacht a bhaineann leis an teicníc fhileata sin sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

Géibheann

Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth
le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

(b) An tEarrach Thiar

- (i) 'Sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos), tá an file ag cuimhneamh siar ar an gcineál saoil a bhí ar a oileán dúchais le linn a óige.' É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Cén éifeacht atá ag athrá na bhfocal 'San Earrach thiar' ag deireadh gach véarsa, dar leat? (Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Roghnaigh **dhá** cheann de na haidiachtaí a úsáideann an file sa dán. Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leo sa dán, dar leat. (9 marc)

An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

3B. Filíocht Roghnach

Freagair do rogha ceann **amháin** de (a) nó (b) thíos.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

(a)

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Cén ghné den dán is fearr leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

nó

(b)

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin, dar leat.
Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is láidre atá sa dán, dar leat?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Scríobh síos an teicníc fhileata is mó a thaitníonn leat sa dán.
Tabhair **dhá** phointe eolais as an dán faoin teicníc sin. (9 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

LITRÍOCHT BHREISE

40 marc

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

4A. An Triail

‘Sa dráma *An Triail*, is mór an tionchar atá ag an náire ar an gcaoi a gcaitheann cuid mhaith de na carachtair (na pearsana) leis an gcailín óg neamhphósta, Máire Ní Chathasaigh.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4B. A Thig Ná Tit Orm

‘Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, is tríd an gcuntas ar eachtraí ó óige Mhaidhc a fhaighimid léargas ar shaol an phobail sa Ghaeltacht inar mhair sé.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

‘Tá léiriú le fáil sa *Tóraíocht* ar Dhiarmaid, fear atá i gcrúachás de bharr go bhfuil sé faoi gheasa ag Gráinne agus go bhfuil ceangal dílseachta aige le Fionn.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4D. Gafa

‘Tugtar léiriú dúinn ar andúil an mhic, Eoin, agus ar an gcaoi a dtéann a thuismitheoirí, Eithne agus Breandán, i ngleic leis an bhfadhb sin sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4E. Canary Wharf

‘Sa scéal *Saineolaí Teicneolaí*, cuireann an comhrá aisteach atá ag Ultan le fear na féasóige ar an traein tús le sraith imeachtaí a bhfuil deireadh tubaisteach leo.’

Déan plé ar an ráiteas sin.

(40 marc)

4F. Dánta Breise – Fill Arís

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Cad é príomhthéama an dáin *Fill Arís* (thall), dar leat? Déan plé ar an bhforbairt a dhéantar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin.

(20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Sin é do dhoras,
Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,
Buail is osclófar
D’intinn féin is do chló ceart.

(10 marc)

(iii) Tá an dán seo lán le horduithe. Cén éifeacht a bhaineann leis an Modh Ordaitheach a bheith á úsáid sa dán, dar leat? Is leor **dhá** phointe eolais. Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra.

(10 marc)

Fill Arís

Fág Gleann na nGealt thoir,
Is a bhfuil d'aois seo ár dTiarna i d'fhuil,
Dún d'intinn ar ar tharla
Ó buaileadh Cath Chionn tSáile,
Is ón uair go bhfuil an t-ualach trom
Is an bóthar fada, bain ded mheabhair
Srathar shibhialtacht an Bhéarla,
Shelley, Keats is Shakespeare:
Fill arís ar do chuid,
Nigh d'intinn is nigh
Do theanga a chuaigh ceangailte i gcomhréiribh
'Bhí bunoscionn le d'éirim:
Dein d'fhaoistin is dein
Síocháin led ghiniúin féinig
Is led thigh-se féin is ná tréig iad,
Ní dual do neach a thigh ná a threabh a thréigean.
Téir faobhar na faille siar tráthnóna gréine go Corca Dhuibhne,
Is chífir thiar ag bun na spéire ag ráthaíocht ann
An Uimhir Dhé, is an Modh Foshuiteach,
Is an tuiseal gairmeach ar bhéalaibh daoine:
 Sin é do dhoras,
 Dún Chaoin fé sholas an tráthnóna,
 Buail is osclófar
 D'intinn féin is do chló ceart.

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Níl ábhar scrúdaithe ar bith ar an leathanach seo

Admhálacha

Léamhthuisctint A, leathanaigh 4-5: www.gov.ie/ga/eolas-polasai/2edd8-ar-noileain-bheo

Léamhthuisctint B, leathanaigh 6-7: bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críche an mheasúnaithe gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Gaeilge – Páipéar 2

Dé Máirt 11 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:35